C/2025/5142

28.10.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais maidir leis an rochtain a bhíonn ag daoine ar chúram sláinte

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/5142)

Rapóirtéir: **Pietro Vittorio BARBIERI**

Comhairleoir	Carlo GIACOBINI (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	23.1.2025
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta (tuairim féintionscnaimh)
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	27.6.2025
Dáta a ghlactha sa seisiún iomlánach	16.6.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	598
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	176/0/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cuireann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i bhfáth a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar na neamhionannais atá ann maidir le rochtain a fháil ar an gcúram sláinte san Aontas Eorpach, agus go bhfuil na neamhionannais sin ag éirí níos measa mar gheall ar ghéarchéim an chostais maireachtála, agus an éifeacht atá ag an mboilsciú ard agus baol na bochtaineachta orainn, trí rud atá ag goilleadh ar an Aontas Eorpach faoi láthair.

1.2. Meabhraíonn CESE gurb é an toradh a bhíonn ar na deacrachtaí eacnamaíocha sin gur teoranta an rochtain a bhíonn ag duine ar chúram sláinte, agus gurb iad na grúpaí is leochailí den daonra, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, leanaí agus daoine scothaosta, thar ghrúpa ar bith eile, is mó a mbíonn tionchar aige sin orthu. Mar thoradh air sin, is gá bearta a thionscnamh chun costais sláinte agus costais cúraim fhadtéarmaigh a thiteann ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh ar ioncam íseal a laghdú nó a chúiteamh dóibh de réir na rialacha náisiúnta.

1.3. Meabhraíonn CESE an athuair a thábhachtaí atá sé tacú le cur chun feidhme iarbhír phrionsabail 16 agus 18 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an cur chun feidhme sin a áirithiú. Cumhdaítear leis na prionsabail sin an ceart chun rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus íceach agus ar chúram fadtéarmach atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, ar ceart é a mbeidh airgeadas poiblí leordhóthanach curtha ar fáil lena aghaidh.

1.4. Measann CESE gur de bhunchearta an duine an ceart chun cúraim sláinte, go bhfuil dlúthbhaint idir cearta bunúsacha a ráthú agus an rochtain ar chosaint shóisialta agus nach mór an rochtain sin a áirithiú trí chur leis an trédhearcacht maidir le cearta agus sochair laistigh de na córais náisiúnta.

1.5. Is díol sásaimh do CESE tionscnaimh agus straitéisí an Aontais, mar shampla an clár EU4Health agus an Straitéis Chógaisíochta don Eoraip, arb é is aidhm dóibh na córais sláinte a neartú agus rochtain ar chógais leighis a áirithiú. Chomh maith leis na bearta atá molta iontu, mar atá, athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht chógaisíochta, an comhar maidir le beartais phraghsála agus trédhearcacht mhéadaithe a chothú ionas gur féidir costas ard na gcógas leighis a mhaolú, molann CESE bearta breise a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iarbhír aonchineálach na dtionscnamh agus na straitéisí sin san Aontas Eorpach.

1.6. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé creat níos soiléire, níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí a áirithiú maidir le seirbhísí cúraim sláinte trasteorann a sholáthar, agus an choimhdeacht sa chúram sláinte bunaithe ar na rialacha náisiúnta faoi seach a thabhairt chun réitigh lena riachtanaí atá *modus operandi* comhleanúnach a bheith ann le haghaidh córacha leighis trasteorann.

1.7. Molann CESE tionscnaimh úsáideacha a chur chun cinn chun dea-chleachtais a mhalartú maidir le beartais chuimsitheacha sláinte agus cúraim shóisialta, lena n-áirítear trí mhachnamh a dhéanamh freisin ar a fhéideartha a bheadh sé bunaicmiú coiteann na seirbhísí sláinte agus sóisialta a leagan síos chun deacrachtaí séimeantaice a réiteach, chun gurbh fhusa comparáid a dhéanamh, sin agus chun bonn a leagan síos d'anailísí comhpháirteacha trína bhféadfaí treoirlínte comhroinnte a thabhairt chun cinn.

1.8. Leagann CESE béim ar an ngá atá le beart níos láidre le go mbeadh toradh nithiúil ar na prionsabail agus na straitéisí, agus molann sé arís go háirithe go seolfaí Ráthaíocht Eorpach um Chúram chun rochtain bhuan ar sheirbhísí sláinte agus cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú do chónaitheoirí uile an Aontais, le go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais chúraim agus dálaí oibre cuibhiúla agus deiseanna oiliúna a chur chun cinn.

1.9. Molann CESE an méid a leanas:

— faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus a áirithiú go nglacfaidh na Ballstáit a bhfreagrachtaí orthu féin;

— a áirithiú go mbeidh infheistíocht leordhóthanach á déanamh sna córais cúraim sláinte poiblí agus go gcuirfear maoiniú agus tionscnaimh an Aontais i gcrích go sonrach ar shlí a laghdóidh na bacainní eacnamaíocha ar rochtain ar chúram sláinte atá ann;

— taighde a dhéanamh a thabharfadh léargas ar na difríochtaí réigiúnacha atá ann maidir lena éifeachtaí atá na beartais sláinte;

— treoirlínte a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sonracha ar rochtain, lena n-áirítear bacainní airgeadais, idirdhealaitheacha agus eagraíochtúla;

— an geilleagar sóisialta agus an nuálaíocht shóisialta a chur chun cinn chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú.

1.10. Tá CESE sásta cur go gníomhach le baint amach na spriocanna sin, trí pháirt a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá cumhacht cheannaigh theaghlaigh an Aontais á creimeadh ag an mboilsciú ard agus ag géarchéim an chostais maireachtála atá ann, agus tá méadú 10 % ar an gcostas maireachtála dá dheasca sin. Is é an toradh air sin go bhfuil sé deacair íoc as earraí riachtanacha, ina measc sin an cúram sláinte, mar gheall ar na costais dhíreacha (ranníocaíochtaí an othair féin, cógais) agus na costais indíreacha (iompar, caillteanas pá) atá ann, agus tá an scéal níos measa fós mar gheall ar an nganntanas oibrithe oilte sa chúram sláinte. Is léir ó shonraí Eurostat don bhliain 2023 gur tharla do 3,8 % de dhaonra an Aontais gan riar a riachtanas sláinte a bheith acu, agus gurb é an costas an phríomhchúis leis sin i gcás 2,4 % díobh, go háirithe i dtíortha ina gcaitheann na hothair féin íoc as an gcóir leighis ar dtús ós ina dhiaidh sin a aisíocann an córas slándála sóisialta costas na córa leo ([1]). D'fhéadfadh sin moill a chur ar dhaoine nuair is gá dóibh cóir leighis a iarraidh nó iad a chur ón gcóir a fháil go deimhin, agus drochiarmhairtí ann dá sláinte i bhfad na haimsire ([2]).

2.2. Tá comhghaol soiléir ann idir ioncam duine agus an rochtain a bhíonn ag duine ar an gcúram sláinte: in 2023, thuairiscigh 2,2 % den chúigil ioncaim is ísle nach raibh riar a riachtanas leighis acu mar gheall ar an gcostas méadaithe a bhain leo, i gcomparáid le 0,2 % den chúigil ioncaim is airde. Léiríonn sé sin nach leor an chosaint a thugann na córais sláinte do na daoine is leochailí; fágann an boilsciú go dtéann an cás in olcas, agus bíonn moilleanna ann nó is minic a chinneann duine gan an chóir leighis a fháil, fiú ([3]).

([1]) Eurostat, 2024. https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Unmet_health_care_needs_statistics&action=statexp-seat&lang=ga.
([2]) Eurohealthnet.eu, https://eurohealthnet.eu/wp-content/uploads/publications/2023/2305_policyprecis_col.pdf.
([3]) Eurostat, 2024. https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Unmet_health_care_needs_statistics&action=statexp-seat&lang=ga.

2.3. Is róbhaol go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas: in 2023, bhí 28,8 % de dhaoine faoi mhíchumas i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta, i gcomparáid le 18 % de dhaoine ar lánchumas. Bíonn orthu costais bhreise a íoc de dheasca iad a bheith faoi mhíchumas, agus tá géarchéim an chostais maireachtála ag cur leis na neamhionannais sin, rud a chuireann as don rochtain atá acu ar an gcúram sláinte agus a dhéanann dochar dá riocht sláinte ([4]).

2.4. Bíonn tionchar ag an mboilsciú freisin ar bhuiséid na gcóras cúraim sláinte, agus an baol ann go n-ardóidh na soláthraithe na praghsanna nó go laghdóidh siad a bhfuil ar fáil de chóracha leighis sa chúram poiblí. Tá sé ríthábhachtach go bhforbródh na córais sláinte straitéisí fadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí an bhoilscithe ar na córais cúraim sláinte agus chun cáilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí a áirithiú, sin nó cuirfear inacmhainneacht an chúraim i mbaol ([5]).

2.5. In 2022, thuairiscigh beagnach 25 % díobh siúd a bhí i mbaol na bochtaineachta san Aontas go raibh lagú soghluaisteachta measartha nó tromchúiseach orthu agus go raibh fadhbanna ag 19 % díobh íoc as a gcostais leighis. Is follas ó na céatadáin sin go ngoilleann fadhbanna sláinte go díréireach ar dhaoine a mhaireann faoi dhrochdhálaí socheacnamaíocha agus go mbíonn bacainní airgeadais sa bhreis le sárú acu agus iad sa tóir ar an gcúnamh atá de dhíth orthu ([6]).

2.6. Is mór idir staid na ndaoine ó Bhallstát go chéile. In 2022, bhí céatadán na ndaoine i mbaol bochtaineachta ar dheacair dóibh íoc as a gcostais leighis an-fhairsing ó áit go chéile, cuir i gcás 43 % sa Bhulgáir i gcomórtas le 3,4 % san Eastóin. Tugann na héagothromaíochtaí sin le fios go bhfuil ról ríthábhachtach ag beartais agus córais sláinte náisiúnta maidir le tionchar na bochtaineachta ar rochtain ar chúram sláinte a mhaolú nó a chur in olcas ([7]).

3. **Prionsabail agus treoirlínte**

3.1. Le Prionsabal 16 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta cumhdaítear an ceart atá ag an uile dhuine rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus íceach atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Fágann sé sin nár chóir go gcuirfeadh costais ná liostaí feithimh cosc ar an rochtain ar chóracha leighis. Cuireann an prionsabal sin bonn láidir ar fáil do na beartais sláinte ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

3.2. Le Prionsabal 18 den Cholún cumhdaítear an ceart atá ag cách chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, go háirithe cúram baile agus seirbhísí ar leibhéal an phobail. Tugann na seirbhísí sin tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, daoine a bhfuil galair ainsealacha orthu nó daoine leochaileacha a bhfuil diantacaíocht de dhíth orthu chun a gcuid gníomhaíochtaí laethúla a dhéanamh. Níor cheart costas na seirbhísí a bheith ina bhacainn ar rochtain, ach teastaíonn maoiniú phoiblí leordhóthanach chuige sin.

3.3. Is éard is aidhm don chlár EU4Health (2021-2027) córais cúraim sláinte níos láidre, níos athléimní agus níos inrochtana a fhorbairt. Cuireann sé tacaíocht airgeadais ar fáil don earnáil sláinte agus cuidiú atá ann chun dúshláin fhadtéarmacha sláinte a fhreagairt. Léiríonn an clár tiomantas an Aontais infheistíocht a dhéanamh i gcórais sláinte agus an inrochtaineacht a fheabhsú san am céanna ([8]).

3.4. Ar phríomhchuspóirí na Straitéise Cógaisíochta don Eoraip tá sé a chinntiú go mbeidh rochtain ag othair ar chógais leighis inacmhainne agus go leanfaidh na córais sláinte de bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Aithnítear sa straitéis an dúshlán méadaitheach a bhaineann le cógais leighis chostasacha agus moltar bearta amhail athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht chógaisíochta, an comhar maidir le beartais phraghsála agus trédhearcacht mhéadaithe a chothú ionas gur féidir costas ard na gcógas leighis a mhaolú ([9]).

([4]) *'Disability statistics – poverty and income inequalities'* [Staidreamh míchumais – bochtaineacht agus neamhionannais ioncaim] (Eurostat, 2024), https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Disability_statistics_-_poverty_and_income_inequalities.

([5]) Faireachlann EuroHealth, 2024, https://eurohealthobservatory.who.int/publications/i/health-system-effects-of-economy-wide-inflation-how-resilient-are-european-health-systems.

([6]) Eurostat, 2024, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Health_problems_and_financial_burden_of_care.

([7]) Eurostat, 2024, https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Health_problems_and_financial_burden_of_care.

([8]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32021R0522&qid=1751385076635.

([9]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020DC0761.

3.5. Sa Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (2022), tugtar aghaidh ar oiriúnacht agus cáilíocht na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, ach, mar gheall ar an gcineál gnímh dlí atá ann, ní thugtar aon sainmhíniú coiteann ar na seirbhísí sin. Fiú amháin i réimsí sonracha ar nós an chúraim fhadtéarmaigh, réimse ina dtagann saincheisteanna trasteorann i gceist, cuir i gcás soghluaisteacht an lucht saothair, is ar cháilíocht agus ar inacmhainneacht na seirbhísí atá an bhéim, ar a shon sin. Is éard is cúis leis sin na héagsúlachtaí inniúlachta sna dlínsí éagsúla agus na slite éagsúla ina n-eagraítear agus ina soláthraítear cúram fadtéarmach sna Ballstáit, i ngeall ar na tosca éagsúla cultúrtha agus déimeagrafacha a thagann i gceist ó áit go chéile. Mar sin féin, tugann CESE dá aire gurb é an rud a chiallaíonn 'cúram fadtéarmach' chun críoch an Mholta 'réimse seirbhísí agus cuidiú le haghaidh daoine a bhíonn ag brath, mar thoradh ar leochaileacht mheabhrach agus/nó fisiceach, galar agus/nó míchumas a bhíonn orthu ar feadh tréimhse leanúnach, ar thacaíocht le haghaidh gníomhaíochtaí maireachtála laethúla agus/nó a bhfuil gá acu le cúram buan altranais. D'fhéadfadh sé gur gníomhaíochtaí féinchúraim nach mór do dhuine a dhéanamh gach lá iad na gníomhaíochtaí maireachtála laethúla a bhfuil tacaíocht de dhíth ina leith, eadhon gníomhaíochtaí maireachtála laethúla amhail folcadh, gléasadh, ithe, ag dul a luí nó ag éirí, ag gluaiseacht timpeall, an leithreas a úsáid agus feidhmeanna lamhnáin agus inne a rialú nó d'fhéadfadh sé go mbainfidís leis an maireachtáil neamhspleách, eadhon gníomhaíochtaí feidhmiúla na maireachtála laethúla, amhail béilí a ullmhú, airgead a bhainistiú, siopadóireacht a dhéanamh le haghaidh earraí grósaeireachta nó pearsanta, obair éadrom nó trom tí a dhéanamh agus fón a úsáid' ([10]).

3.6. Sa tuairim ó CESE *Lucht Saothair na Sláinte agus Straitéis Chúraim do Thodhchaí na hEorpa* ([11]) moltar Ráthaíocht Eorpach um Chúram chun rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú do chónaitheoirí uile an Aontais le go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus dálaí oibre cuibhiúla a chur chun cinn.

3.7. Sa tuairim ó CESE *An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac trí leas a bhaint as cumhacht an gheilleagair shóisialta agus na nuálaíochtaí socheacnamaíocha* ([12]), tugtar le fios go bhfuil nasc idir an comhrac i gcoinne na bochtaineachta agus an rochtain ar chúram sláinte, agus béim á leagan ar an ngá le réitigh chomhtháite. Ní féidir rochtain chothrom ar sheirbhísí ar nós an chúraim sláinte a áirithiú mura rachfar i ngleic san am céanna leis an mbochtaineacht agus le baol na bochtaineachta ([13]).

3.8. Sa tuairim ó CESE *Tionscnamh suaitheanta Eorpach a chur ar bun don tsláinte* ([14]), tá CESE ag iarraidh go gcuirfí tionscnamh ar bun a bheadh bunaithe ar phrionsabail na huilíochta, na cáilíochta, na hinrochtaineachta, na dlúthpháirtíochta agus na cuimsitheachta, agus moltar freisin Ráthaíocht Eorpach don tSláinte agus don Chúram a bhunú.

3.9. Sa tuairim uaidh maidir leis an *Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm* ([15]), is mór an sásamh do CESE an cuspóir creat soiléir a bhunú le haghaidh an chúraim sláinte trasteorann. Os a choinne sin, chuir sé chun suntais nach mór an choimhdeacht a thabhairt chun réitigh lena riachtanaí atá *modus operandi* comhleanúnach, agus cairt Eorpach um chearta na n-othar a ionchorprú sna dlíthe náisiúnta. Agus an Treoir a lean as an togra sin, Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]), á glacadh, cuireadh tuairimí na n-institiúidí san áireamh, agus bhí an tuairim ó CESE ar cheann de na tuairimí sin.

3.10. Leis an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (PE-CONS 49/24) ([17]) lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, déantar foráil maidir le cineál iniompartha an chirt chun 'seirbhísí sonracha bunaithe ar mhíchumas sa Bhallstát a bhfuil siad ag taisteal chuige nó a bhfuil siad ag tabhairt cuairt air', ar a dtugtar 'cúnamh pearsanta'.

([10]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/HTML/?uri=CELEX:32022H1215(01).

([11]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Lucht Saothair na Sláinte agus Straitéis Chúraim do Thodhchaí na hEorpa (Tuairim féintionscnaimh) (IO C 486, 21.12.2022, lch. 37).

([12]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac trí leas a bhaint as cumhacht an gheilleagair shóisialta agus na nuálaíochtaí socheacnamaíocha (tústuairim) (IO C, C/2024/2097, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2097/oj).

([13]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac trí leas a bhaint as cumhacht an gheilleagair shóisialta agus na nuálaíochtaí socheacnamaíocha (tústuairim) (IO C, C/2024/2097, 26.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2097/oj).

([14]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Tionscnamh suaitheanta Eorpacha chur ar bun don tsláinte (tuairim féintionscnaimh) (IO C, C/2025/105, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/105/oj).

([15]) (IO C 175, 28.7.2009, lch. 116), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52008AE1927.

([16]) (IO L 88, 4.4.2011, lch. 45), https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32011L0024&rid=1.

([17]) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/PE-49-2024-INIT/ga/pdf.

4. **Neamhionannais a aithint agus a fhreagairt**

4.1. Ba ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phrionsabail 16 agus 18 den Cholún agus deimhin a dhéanamh de go nglacfaidh na Ballstáit a bhfreagrachtaí orthu féin ionas gur féidir rochtain inacmhainne ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach a ráthú. Chuige sin, tá gá le maoiniú leordhóthanach ar sholáthar agus ar bhonneagar cúraim sláinte poiblí.

4.2. Dá gcuirfí an geilleagar sóisialta agus an nuálaíocht shóisialta chun cinn, d'fhéadfaí teacht ar chineálacha nua cur chuige chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú do na grúpaí is leochailí den daonra. Ní mór a áirithiú go bhfuil infheistíocht leordhóthanach á déanamh. Mar sin féin, trí iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha malartacha soláthair agus maoinithe cúraim sláinte, d'fhéadfaí cuidiú le bacainní traidisiúnta a chur as an tslí.

4.3. Is mór an tábhacht atá le hacmhainní airgeadais chun feabhas a chur ar bhonneagar sláinte agus ar sheirbhísí sláinte. Is tábhachtach a áirithiú go gcuirfí maoiniú agus tionscnaimh EU4Health (2021-2027) i gcrích ar shlí a laghdóidh na bacainní eacnamaíocha ar an rochtain ar chúram sláinte agus a chuirfidh san áireamh réitigh le go mbeidh an maoiniú agus na tionscnaimh sin inmharthana.

4.4. I bhfianaise na ndifríochtaí móra réigiúnacha atá ann, dealraíonn sé go mba thábhachtach taighde a dhéanamh a thabharfadh léargas ar na cúiseanna atá leis sin agus ar an bhfáth gurb éifeachtaí beartais i dtíortha áirithe seachas a chéile fiú amháin nuair is ionann leibhéil na bochtaineachta iontu.

4.5. B'úsáideach an mhaise malartú dea-chleachtas a chur chun cinn a fhad a bhaineann le beartais chuimsitheacha sláinte agus cúraim shóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Maidir leis sin, ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar a fhéideartha a bheadh sé bunaicmiú coiteann na seirbhísí sláinte agus sóisialta a leagan síos chun deacrachtaí séimeantaice a réiteach, chun gurbh fhusa comparáid a dhéanamh, sin agus chun bonn a leagan síos d'anailísí comhpháirteacha trína bhféadfaí treoirlínte comhroinnte a thabhairt chun cinn.

4.6. D'fhéadfaí sampla Líonra na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta a leanúint nuair a bheifear ag iarraidh aicmiú aonfhoirmeach coiteann a leagan síos. Is éard is cúram don líonra Eorpach seo borradh a chur faoi éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí fostaíochta trí chomparáid a dhéanamh idir na tíortha éagsúla, trí dhea-chleachtais a shainaithint atá bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn i measc sheirbhísí poiblí fostaíochta na hEorpa. Is cuid den líonra sin iad na Ballstáit uile mar aon leis an Iorua, an Íoslainn agus an Coimisiún Eorpach.

4.7. B'úsáideach an mhaise treoirlínte nó moltaí a fhorbairt ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní sonracha ar rochtain, cuir i gcás deacrachtaí airgeadais, bacainní eagraíochtúla agus idirdhealaitheacha agus cúinsí pearsanta. Le cabhair ón gCoimisiún, ba cheart na Ballstáit a threorú i dtreo beartais atá dírithe ar an méid seo a leanas:

— infheistíochtaí leordhóthanacha sna córais sláinte poiblí a áirithiú chun rochtain uilíoch inacmhainne ar chúram ar ardchaighdeán a chur ar fáil;

— an bunfháltas sóisialta a neartú, ar a n-áirítear scéimeanna ioncaim íosta agus sochair dhífhostaíochta, chun an bhochtaineacht agus baol na bochtaineachta a laghdú, rud a imríonn tionchar ar an rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cúraim a fheabhsú;

— bearta a chur chun feidhme chun costais sláinte agus costais cúraim fhadtéarmaigh a thiteann ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh ar ioncam íseal a laghdú nó a chúiteamh dóibh de réir na rialacha náisiúnta;

— feabhas a chur ar inrochtaineacht agus infhaighteacht seirbhísí sóisialta, ar a n-áirítear cúram fadtéarmach, tacaíocht tithíochta agus seirbhísí do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu;

— aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar rochtain ar chúram sláinte, cuir i gcás tréimhsí fada feithimh agus easpa comhordaithe idir leibhéil éagsúla cúraim, sin agus easpa lucht saothair;

— cláir spriocdhírithe múscailte feasachta a chur chun feidhme chun daoine leochaileacha a nascadh leis na seirbhísí sláinte agus sóisialta atá ar fáil.

4.8. Chun cuidiú leis na cuspóirí sin a bhaint amach, is féidir le CESE ról a imirt mar éascaitheoir próiseas dearfach trí pháirt a thabhairt ***don*** sochaí sibhialta maidir leis na léargais agus an taighde a chur chun cinn.

An Bhruiséil, an 16 Iúil 2025.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE